AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2024
COM(2024) 568 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Úsáid teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide chun trédhearcacht margaidh níos fearr a áirithiú de bhun Article 225(dc) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (‘Rialachán CEM’)

1. Réamhrá

I gcomhréir le hAirteagal 225(dc) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Rialachán CEM)[1], sa tuarascáil seo chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle déantar measúnú ar úsáid teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) agus déantar machnamh inti ar cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn siad trédhearcacht margaidh níos fearr.

Cuidíonn trédhearcacht margaidh leis an margadh oibriú ar bhealach níos éifeachtúla trí mhalartú comharthaí margaidh a éascú idir taobh an tsoláthair agus taobh an éilimh. Ghinfeadh tuilleadh faisnéise faoi phraghsanna, méideanna táirgeachta, stoic etc., feadh na gcéimeanna éagsúla den slabhra soláthair buntáistí iomadúla, amhail:

(1) an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí a leathnú, go háirithe sna céimeanna idirmheánacha de shlabhraí soláthair, rud a mhéadódh muinín in oibríocht margaí;

(2) cuidiú le neamh-chomhionannas i gcumhacht mhargála a laghdú, go háirithe iad siúd a dhéanann difear d'fheirmeoirí, lena dtabharfaí cothrom na Féinne do na rannpháirtithe ó thaobh rochtain a bheith acu ar shlabhraí soláthair agus, ar bhonn níos ginearálta, ar mhargaí;

(3) dearadh níos fearr ar bheartais eacnamaíocha ábhartha a chumasú, ag dul níos faide ná cleachtais fhrithiomaíocha[2].

Tá an tuarascáil seo bunaithe den chuid is mó ar thorthaí staidéir ón gCoimisiún ar ról TFCanna maidir le feabhas a chur ar thrédhearcacht margaidh (staidéar TFC)[3]. Déantar cur síos agus anailís sa staidéar ar acmhainneacht TFCanna éagsúla chun feabhas a chur ar chórais an Aontais atá ann cheana le haghaidh sonraí maidir le margaí agraibhia, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na gnéithe rialachais lena bhféadfaí feabhsuithe féideartha a dhéanamh.

2. Rannchuidiú chóras faisnéise an mhargaidh agraibhia de chuid an Aontais le trédhearcacht margaidh

Áirítear i gcóras faisnéise an mhargaidh agraibhia de chuid an Aontais, atá bunaithe ar Rialachán CEM, ISAMM (an Córas Faisnéise um Bainistiú agus Faireachán ar an Margadh Talmhaíochta, arna bhunú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún (Rialachán ISAMM))[4], faireachlanna margaidh agus an roinn margaidh den tairseach sonraí agraibhia. Cé go n-úsáidtear ISAMM chun sonraí a bhailiú, úsáidtear faireachlanna margaidh agus an tairseach sonraí agraibhia araon chun sonraí a scaipeadh.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

2 an Coimisiún Eorpach: An tAirmheán Comhpháirteach Taighde agus Ménard, C., *Market transparency in food supply chain – Goals, means, limits* [Trédhearcacht margaidh i slabhra an tsoláthair bia – Spriocanna, modhanna, teorainneacha], Oifig na bhFoilseachán, 2018. https://data.europa.eu/doi/10.2760/285157.

[3] *Study on the role of information and communication technologies to improve market transparency* [Staidéar ar ról na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun trédhearcacht margaidh a fheabhsú], foilseachán atá ar na bacáin.

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún.

Áirítear sa chóras sin freisin sonraí ó roinnt foinsí faisnéise eile, amhail Eurostat (maidir le táirgeadh, praghsanna agus trádáil) agus Córas Faireachais Custaim AS TAXUD (maidir le hallmhairí agus onnmhairí laethúla).

2.1. Bailiú sonraí - ISAMM

Tá ISAMM ar cheann de chórais tacaíochta TF a bhailíonn sonraí don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). Is iad na Ballstáit a sholáthraíonn na sonraí margaidh, agus ní gnóthais aonair go díreach. Seoltar thart ar 4 650 teachtaireacht in aghaidh na míosa trí ISAMM. Cuirtear faisnéis isteach trí fhoirmeacha caighdeánacha, a bhfuil a n-ábhar ag brath ar na sonraí a theastaíonn agus ar mhinicíocht an tuairiscithe, a théann ó sheachtain go bliain.

Is minic a dhéanann oifigigh na mBallstát na sonraí a sheolann na Ballstáit chuig an gCoimisiún a iontráil de láimh in ISAMM. Uaireanta, uaslódáiltear comhaid sonraí chun foirmeacha aonair a chomhlánú, nó cuirtear comhaid xml isteach chun iliomad foirmeacha a chomhlánú ag an am céanna. Maidir leis na sonraí a bhailíonn na Ballstáit ó na foinsí bunaidh, is iad na hoibreoirí den chuid is mó a chuireann doiciméid isteach i bhformáid leictreonach, trí cheistneoirí nó foirmeacha ar líne.

2.2 Scaipeadh sonraí - Tairseach sonraí agraibhia agus faireachlanna margaidh

Cumhdaítear sa roinn margaí den tairseach sonraí agraibhia[5] raon leathan táirgí. Áirítear an méid seo a leanas i bhformhór na bhforanna earnáilsonracha: (i) tacair sonraí lena gcumhdaítear praghsanna, táirgeadh agus trádáil; (ii) deaiseanna ina dtiomsaítear na príomhshonraí is déanaí le haghaidh gach earnála; agus (iii) dearcadh gearrthéarmach, ina mbeidh meastacháin maidir le táirgeadh, tomhaltas agus trádáil sna míonna atá le teacht.

Tacaíonn an tairseach le hobair na bhfaireachlann margaidh le haghaidh seacht dtáirge talmhaíochta (bainne, feoil, siúcra, barra curaíochta, torthaí agus glasraí, fíon agus ola olóige), chomh maith le hobair Fhaireachlann Mhargadh na Leasachán agus Fhaireachlann an Aontais um an slabhra agraibhia a cruthaíodh le déanaí. Bailíonn na faireachlanna margaidh sin faisnéis óna gcomhaltaí, agus foilsíonn siad faisnéis, anailísí agus miontuairiscí cruinnithe boird ar a leathanaigh ghréasáin faoi seach[6]. Tugtar tuairisc ar ról agus ar chleachtais oibre fhaireachlanna an mhargaidh talmhaíochta i dtuarascáil le déanaí[7].

3. Measúnú ar an gcóras faisnéise reatha sa mhargadh agraibhia faoi CEM

3.1. Áirithíonn córas faisnéise agraibhia CEM trédhearcacht fhoriomlán an mhargaidh in ainneoin roinnt laigí

Maidir le cáilíocht sonraí, cuireann an córas atá ann faoi láthair tiomsú cuimsitheach sonraí ar fáil go ginearálta, sonraí a mheasann gníomhaithe i slabhra soláthair bia an Aontais a bheith iontaofa ar an iomlán[8]. Cuireann sé comhbhonn eolais i bhfeidhm chun bonn taca a chur faoi anailísí eacnamaíocha agus margaidh, rud atá úsáideach agus cinntí á ndéanamh maidir le táirgeadh agus infheistíocht. Cuireann sé na sonraí is gá ar fáil freisin chun beartais a cheapadh agus chun tuilleadh taighde a dhéanamh. Níl aon difríocht mhór idir córais faisnéise agraibhia sna príomhthíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus córas an Aontais.

Sainaithníodh roinnt corrlach le haghaidh feabhsúcháin, áfach:

[5] https://agridata.ec.europa.eu/extensions/DataPortal/agricultural_markets.html.
[6] https://agriculture.ec.europa.eu/data-and-analysis/markets/overviews/market-observatories_ga
[7] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Faireachlanna Margaidh an Aontais, COM(2023) 679 final an 31.10.2023.
[8] De réir agallaimh le páirtithe leasmhara agus suirbhéanna a rinneadh le haghaidh staidéar TFC.

Uainiú agus minicíocht nuashonruithe

Cé go ndéantar na sonraí i gcóras faisnéise an mhargaidh agraibhia CEM a nuashonrú go minic (seachtainiúil, míosúil, etc.), cuirtear moill uaireanta ar na sonraí a iontrálann na foinsí de bharr ceanglais bailíochtaithe cáilíochta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh céimeanna riaracháin nach bhfuil uathoibrithe a bheith ina gcúis le moilleanna ar fhoilsiú, amhail bailiú sonraí ag na Ballstáit ó na gníomhaithe eacnamaíocha ábhartha, tarchur chuig an gCoimisiún agus scaipeadh deiridh. Ós rud é go mbraitheann bailiú agus scaipeadh sonraí ar leibhéal an Aontais ar aighneachtaí ó gach Ballstát, d'fheadfadh na tosca thuasluaite moill a chur ar chuid acu, uaireanta foilsítear sonraí an Aontais níos déanaí ná sonraí tíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad.

Iontaofacht sonraí agus tarlú earráidí ábhartha

D'ainneoin iontaofacht fhoriomlán chóras faisnéise an mhargaidh agraibhia CEM agus a nósanna imeachta inmheánacha um rialú cáilíochta, is dócha go dtarlóidh earráidí ábhartha nuair is gá sonraí a láimhseáil ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

Is féidir le hinchomparáideacht sonraí idir Ballstáit a bheith éiginnte mar gheall ar na modheolaíochtaí éagsúla a úsáidtear[9] (mar shampla, d'fhéadfadh nach mbaileodh Ballstát amháin ach sonraí ó na hoibreoirí is ionadaíche sa mhargadh, agus d'fhéadfadh Ballstát eile iad a bhailiú ó shampla níos leithne d'oibreoirí), agus mar gheall ar shaintréithe náisiúnta sonracha (struchtúr an mhargaidh, saintréithe éagsúla táirgí, etc.).

Inrochtaineacht sonraí agus so-láimhsitheacht don úsáideoir

Déanann formhór mór na n-úsáideoirí sonraí measúnú dearfach ar a úsáidí atá uirlisí scaipthe agus ardáin le haghaidh faisnéis agraibhia ar an iomlán. Mar sin féin, léiríonn siad easpa soiléireachta maidir le hinfhaighteacht sonraí agus maidir leis na meiteashonraí (comhthéacs, modheolaíocht an bhailithe, próiseáil). Chuir úsáideoirí in iúl freisin go raibh gá le gnéithe níos solúbtha le haghaidh asbhaint/íoslódáil sonraí.

Neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le sonraí a chur isteach

Cé go dtugann formhór údaráis na mBallstát fógra in am, ní chuireann cuid acu faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de na spriocdhátaí dlíthiúla, rud a fhágann go mbíonn sonraí neamhiomlána agus moilleanna ann. Níl a n-oibleagáidí bailithe sonraí go léir comhlíonta ag Ballstáit áirithe. Tá éagsúlacht i méid an neamhchomhlíonta idir na Ballstáit agus na cineálacha fógra, agus tá sé sin níos suntasaí i gcás na sraithe nua sonraí a iarradh ó 2021 ar aghaidh.

Bearnaí i sonraí nach mór aghaidh a thabhairt orthu

Níl an córas chomh huileghabhálach céanna i gcás cineál áirithe sonraí. I gcás stoc, d'ainneoin na hoibleagáide le déanaí fógra a thabhairt maidir le gránaigh, olashíolta agus táirgí olashíolta, is cosúil go bhfuil sé deacair sonraí a bhailiú ós rud é go measann oibreoirí go bhfuil an fhaisnéis sin faoi réir rúndacht ghnó. Cuireann sé sin bac ar a úsáidí atá sonraí den sórt sin chun eolas a thabhairt faoi stádas slándála bia an Aontais. Maidir le trádáil, ní dhéantar sonraí maidir le trádáil laistigh den Aontas agus atreorú sreafaí idirnáisiúnta ó phríomh-mhoil trádála laistigh den Aontas a ionchorprú go leordhóthanach i gcuid scaipthe den chóras.

[9] Déantar foráil in Airteagal 9 de Rialachán ISAMM maidir le solúbthacht mhodheolaíoch den sórt sin.

3.2. Dúshláin nua don chóras faisnéise agraibhia CEM

Sonraí maidir le hearnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha

Cé go gcumhdaítear roinnt ionchur talmhaíochta cheana féin le córas faisnéise an mhargaidh agraibhia (amhail leasacháin, a bhfuil a bhfaireachlann margaidh féin acu, agus síolta lena ngabhann sonraí maidir le limistéar, táirgeadh agus stoic), níl na sonraí maidir le céimeanna réamhtheachtacha an tslabhra soláthair (soláthar ionchuir) chomh maith leis na céimeanna iartheachtacha (dáileadh miondíola, tomhaltas) chomh forbartha céanna leis na sonraí a bhaineann le táirgeadh, agus ar bhonn níos lú, leis na sonraí a bhaineann le próiseáil, sa chóras sin.

Ós rud é go bhfuil roinnt córas poiblí agus roinnt córas príobháideach eile ann a bhailíonn sonraí maidir leis na céimeanna réamhtheachtacha agus iartheachtacha, ba cheart measúnú a dhéanamh ar aon leathnú ar an gcóras faisnéise agra-mhargaidh CEM chuig earnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha maidir lena bhreisluach. Ba cheart aon dúbailt a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bailiú agus scaipeadh sonraí a sheachaint.

Sonraí tráth géarchéime

Tháinig sé chun solais le linn phaindéim COVID-19 go bhfuil na gnáthmhoilleanna ar thuairisciú rófhada, agus go bhfuil sé ríthábhachtach faisnéis agus sonraí atá trédhearcach agus bunaithe ar fhianaise a scaipeadh go minic chun iontaoibh agus muinín na ngníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia a choinneáil.

Níl aon sruth sonraí ann faoi láthair a bhaineann go sonrach le cás géarchéime i gcóras faisnéise an mhargaidh agraibhia. Cuireann an Sásra Eorpach um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia (EFSCM) deais agus ardán ar fáil chun tuairimí a mhalartú ach ní fhreastalaíonn sé ar bhailiú sonraí margaidh. Tiomsaítear ina roinn maidir leis an gCóras Rabhaidh um Bia[10] sonraí ó chórais réamhrabhaidh maidir le teagmhais a bhaineann leis an aimsir, galair ainmhithe, costais fuinnimh, costais lasta, etc. Tá an sásra sin bunaithe ar fhaisnéis cháilíochtúil a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil go deonach seachas ar shonraí.

Dá ndéanfaí córais mhear-rabhaidh a ionchorprú, bunaithe ar fhaireachán uathoibrithe fíor-ama ar infhaighteacht chriticiúil, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí agraibhia, agus b'fhéidir ionchuir, ar leibhéil éagsúla den slabhra soláthair, bheadh sé sin ina athrú nach beag ar chóras faisnéise an mhargaidh agraibhia CEM.

4. Trédhearcacht an mhargaidh agraibhia a fheabhsú trí úsáid níos fearr a bhaint as TFCanna

Trí TFCanna a fhorbairt, chuirfí deiseanna ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na heasnaimh atá i gcóras faisnéise agraibhia CEM agus, dá bhrí sin, chuirfí tuilleadh feabhais ar a chumas trédhearcacht margaidh a chur ar fáil.

4.1. An córas faisnéise agraibhia atá ann cheana a bharrfheabhsú

[10] https://agridata.ec.europa.eu/extensions/DataPortal/food-alert-system.html.

Trí réitigh theicneolaíocha shonracha a úsáid, is féidir bailiú agus próiseáil sonraí a dhéanamh níos éifeachtúla. Go háirithe trí shonraí atá ar fáil cheana a úsáid a mhéid is féidir, trí dhúbláil iarrachtaí na ngníomhaithe uile lena mbaineann a sheachaint agus trí acmhainní a shábháil.

Is féidir córas faisnéise an mhargaidh agraibhia CEM a bharrfheabhsú ar roinnt bealaí. Mar shampla, trí shonraí atá ar fáil cheana i gcórais faisnéise eile a iompórtáil. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chórais faisnéise an Choimisiúin a idirnascadh le córais eile chun idir-inoibritheacht idir na córais uile lena mbaineann a chumasú. Chuige sin, tá gá le bearta teicneolaíochta, eagraíochtúla agus b'fhéidir bearta reachtacha freisin in éineacht leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach, a tháinig i bhfeidhm an 11 Aibreán 2024 agus é mar aidhm leis idir-inoibritheacht trasteorann na gcóras TF agus comhar na hearnála poiblí ar fud an Aontais a neartú.

De réir na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo, d'fhéadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a sholáthraíonn córas faisnéise an mhargaidh agraibhia le sé phríomhréiteach nuálacha:

1. Trí úsáid a bhaint as TFCanna, d'fhéadfaí feabhas a chur ar na próisis atá ann faoi láthair nó d'fhéadfaí córais uathoibrithe nua a úsáid chun sonraí a bhailiú agus a bhainistiú (próiseáil, stóráil agus bailíochtú sonraí). Ar na samplaí tá:
    - Comhéadan meaisín le meaisín (M2M) a chur i bhfeidhm ionas gur féidir le faisnéis sreabhadh go díreach ó chórais na mBallstát chuig an gCoimisiún (trí ISAMM). Chuirfeadh sé sin le tráthúlacht agus le cáilíocht na sonraí a bhailítear, agus chuideodh sé freisin leis an ualach riaracháin agus na costais a bhaineann le bailiú agus bailíochtú sonraí a laghdú. Chun cumarsáid iomlán M2M a chumasú, ní mór dul i ngleic le dúshláin shéimeantacha agus le dúshláin idir-inoibritheachta teicniúla araon[11].
    - Na próisis bailithe sonraí a uathoibriú ó oibreoirí go dtí na Ballstáit. D'fhéadfaí a áireamh leis sin córais bailithe agus bailíochtaithe sonraí na mBallstát a chomhtháthú i gcóras an Choimisiúin (ISAMM).
    - Seiceálacha uathoibrithe a dhéanamh ar shonraí, de réir paraiméadair réamhshainithe a chuideodh le hiontaofacht an bhailíochtaithe sonraí a áirithiú ar bhealach níos córasaí.
2. D'fhéadfadh úsáid arduirlisí TFC, lena n-áirítear uirlisí intleachta saorga (IS), feabhas a chur ar fhoilsiú agus ar chomhroinnt na sonraí a bhailítear, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - Inrochtaineacht agus léirshamhlú níos fearr ar shonraí a áirithiú, mar shampla trí naisc dhíreacha chuig bunfhoinsí a chur san áireamh, trí fhaisnéis a sholáthar maidir le modhanna bailiúcháin/mínithe, trí chórais asbhainte mhalartacha a úsáid, trí níos mó formáidí a sholáthar lenar féidir eagarthóireacht a dhéanamh, agus trí leagan aip den suíomh gréasáin a chruthú. Chabhródh na bearta sin go léir le heispéireas an úsáideora sonraí a fheabhsú.

[11] Tá aghaidh á tabhairt ar dhúshláin den sórt sin, mar shampla, sa staidéar idir-inoibritheachta a dhéantar leis an gclár don Eoraip Dhigiteach agus sna bunachair sonraí maidir le cineálacha plandaí (Liosta cód barr).

- Ábhair scaipthe a chur ar fáil atá curtha in oiriúint do riachtanais na bpríomhthíopeolaíochtaí úsáideoirí, agus ar an gcaoi sin feasacht ar an gcóras agus ar na hacmhainní atá ar fáil a mhúscailt.
- Cuidiú le rioscaí cúblála margaidh a laghdú mar gheall ar shonraí atá 'íogair ó thaobh ama de', a bhfuil rochtain ag gníomhaithe orthu os comhair gníomhaithe eile agus ar féidir iad a úsáid chun cinntí a dhéanamh a théann chun tairbhe do ghnólachtaí (e.g. d'fhéadfadh faisnéis faoi stoic ísle roinnt gníomhaithe a spreagadh chun a gceannacháin a thabhairt chun cinn)[12].

Ról na hintleachta saorga i mbailiú agus scaipeadh sonraí an mhargaidh agraibhia

Is coincheap leathan í an intleacht shaorga (IS)[13] lena gcuimsítear feidhmeanna meaisínfhoghlama (ML), domhainfhoghlama, agus IS giniúnaí[14]. Is foroinn den mheaisínfhoghlaim í an domhainfhoghlaim agus cruthaíonn sí na samhlacha do IS giniúnach.

An úsáid a bhaintear as IS faoi láthair i gcórais faisnéise an mhargaidh agraibhia arna n-oibriú ag an gCoimisiún agus i gcórais go ginearálta, tá sí sách teoranta, cé go bhfuil feasacht ann maidir lena hacmhainneacht. In áiteanna eile, bhí réamhphlé ag an tSeirbhís Margaíochta Talmhaíochta de chuid Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe maidir le IS a ionchorprú sa chóras um bailíochtú sonraí.

Ceann de na príomhfheidhmchláir IS atá á bhforbairt is ea meaisínfhoghlaim a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar shonraí a chnuaschóipeáiltear ón ngreasán (e.g. trí oiliúint a chur ar an uirlis chun earraí a aithint agus iad a aicmiú de réir sainmhínithe táirge). Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rialuithe cáilíochta ag daoine chun an tacar sonraí a bhaintear agus a bheachtaítear leis na huirlisí sin a mhionchoigeartú.

Áirítear an méid seo a leanas ar shamplaí de theicneolaíocht IS cheannródaíoch atá á húsáid i dtionscadail eile a bhaineann le sonraí agra-mhargaidh:

- tionscadail FAO atá ar siúl faoi láthair lena bhfiosraítear deiseanna agus dúshláin maidir le húsáid IS ag rannáin éagsúla chun soláthar agus comhtháthú sonraí cianbhraiteachta a fheabhsú;
- bailíochtú agus anailís sonraí i bhfeidhmchlár 'Droichid Sonraí' an Chláir Dhomhanda Bia arb é is aidhm dó saincheisteanna slándála bia atá ag teacht chun cinn a shainaithint go tapa, lena n-áirítear táscairí luathrabhaidh amhail an Foláireamh maidir le méaduithe tobanna ar phraghsanna.

Lasmuigh de sholáthar sonraí margaidh, tá roinnt soláthraithe príobháideacha ag baint triail as feidhmchláir IS chun réamhaisnéisí a sholáthar bunaithe ar na sonraí atá ar fáil. Mar shampla, tá Oifig Chónaidhme Talmhaíochta na hEilvéise ag déanamh réamhaisnéisí atá

[12] Féach freisin Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh).
[13] Rialaítear IS san Aontas le 'An Gníomh um an Intleacht Shaorga' (Rialachán (AE) 2024/1689 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga) lena gcuirtear ceanglais agus oibleagáidí soiléire ar fáil d'fhorbróirí agus d'imlonnóirí IS maidir le húsáidí sonracha IS.
[14] Féach mínithe ar na difríochtaí idir AI, ML, domhainfhoghlaim agus IS giniúnach ag: https://synoptek.com/insights/it-blogs/data-insights/ai-ml-dl-and-generative-ai-face-off-a-comparative-analysis/ nó https://www.sumologic.com/blog/machine-learning-deep-learning/.

bunaithe ar IS maidir le praghsanna bainne le haghaidh úsáid inmheánach.

Le cur chun cinn IS giniúnaí agus infhaighteacht uirlisí IS atá éasca le húsáid, beidh níos mó eagraíochtaí in ann uirlisí atá bunaithe ar IS a fhorbairt nó a úsáid. Go sonrach, d'fhéadfadh sé gur rogha inmharthana é IS a chur i bhfeidhm ar chóras faisnéise an mhargaidh agraibhia chun sonraí a bhailiú, a ghlanadh agus a anailísiú, chun achoimrí agus léirshamhlú a chruthú agus chun samhlacha tuarthacha a fhorbairt do tháirgeacht barr, do phraghsanna agus do réamhaisnéisí éilimh.

3. D'fhéadfaidís feabhas a chur ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí ó na hearnálacha a bhaineann go hindíreach le slabhraí soláthair talmhaíochta, mar shampla lóistíocht agus iompar (amhail faireachán fíor-ama ar lastais ar muir). Tá na teicneolaíochtaí atá taobh thiar den chineál sin réitigh á bhforbairt agus á n-úsáid cheana féin ag roinnt soláthraithe sonraí príobháideacha[15] agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta[16].

4. D'fhéadfaí feabhas a chur ar bhailiú agus ar phróiseáil mórshonraí go díreach ó fheirmeacha a bhuí le réitigh agra-theicneolaíochta a bheith á n-úsáid ag feirmeoirí gairmiúla, lena n-áirítear le haghaidh talmhaíocht bheacht. Chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí ar leibhéal na feirme ar an láthair, tá gá le tuilleadh oibre ar idirghabhálaithe sonraí agus ar an bhféadfaí pasanna digiteacha feirme/ríomhthiachóga feirme a thabhairt isteach. D'fhéadfadh méadú ar bhailiú sonraí margaidh agus comhroinnt bhreise sonraí idir feirmeoirí a bheith tairbhiúil freisin. Ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse toisc go bhféadfaidís féidearthachtaí nua a chruthú maidir le bailiú sonraí. Mar shampla, mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, tá an Spás Coiteann Sonraí do Shonraí Talmhaíochta na hEorpa á fhorbairt agus tá sé ag cur leis an aidhm margadh aonair le haghaidh sonraí a chruthú agus Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach á bhunú lena gcothófar cur ar bun agus úsáid ríomhphasanna/ríomhthiachóga feirme mar a thugtar orthu sa talmhaíocht.

5. D'fhéadfaí cur le cumas TFCanna sonraí a bhailiú maidir le hearnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha trí chnuaschóipeáil ón ngréasán a chleachtadh[17]. Is modh costéifeachtach chun sonraí a bhailiú é faisnéis mhargaidh a chnuaschóipeáil go huathoibríoch (go minic trí IS a úsáid) ó fhoinsí éagsúla ar líne. Go háirithe i gcéimeanna iartheachtacha, amhail tomhaltas agus praghsanna miondíola, a bhfuil nochtadh níos mó acu ar líne, cumasaíonn cnuaschópieáil ón ngréasán uathoibriú próiseas bailithe sonraí, rud a fhágann gur féidir faireachán fíor-ama nó gar d'fhíor-am a dhéanamh ar fhaisnéis mhargaidh ó fhoinsí éagsúla, lena gcumhdaítear raon leathan foinsí ar líne, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, ardáin na meán sóisialta agus margaí ar líne. I measc na ndúshlán a bhaineann le cnuaschóipeáil ón ngréasán, áfach, tá deacrachtaí maidir le sonraí a bhailíochtú (ní

[15] Mar shampla, réitigh sonraí sa slabhra soláthair do sholáthraithe, ceannaitheoirí agus soláthraithe seirbhíse sa tionscal táirgí úra.

[16] Mar shampla, chun rianú fíor-ama a dhéanamh ar shoithí chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil mhuirí grán agus cruithneachta agus ar shlándáil bia: https://globaltradedata.wto.org/real-time-data

[17] Tá cnuaschóipeáil ón ngréasán in úsáid cheana ag an gCoimisiún i bhFaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA), a bhfuil ionstraim shaincheaptha um chnuaschóipeáil praghsanna aige le haghaidh praghsanna miondíola: https://eumofa.eu/

féidir iontaofacht agus ionadaíochas na sonraí a bhailítear a áirithiú ach le córas seiceálacha atá an-struchtúrtha agus an-ard) agus saincheisteanna dlí (príobháideachas sonraí, mar shampla). I gcás na n-earnálacha réamhtheachtacha, níl an oiread sin gealladh faoi chnuaschóipeáil ón ngréasán, ós rud é nach bhfuil praghsanna ionchuir iontaofa agus ionadaíocha ar fáil ar líne chomh maith céanna.

6. Maidir le sonraí tráth géarchéime, d'fhéadfadh úsáid TFCanna feabhas a chur ar chumais sonraí fíor-ama, bealaí cumarsáide tiomnaithe a bhunú agus is dócha go bhfeabhsófaí anailísíocht thuarthach. D'fhéadfadh sonraí den sórt sin a bheith criticiúil le linn géarchéimeanna, go háirithe má thacaíonn sruthanna nua bailithe sonraí *ad hoc* leo agus má chomhtháthaítear iad i gcóras mear-rabhaidh tiomnaithe lena gcomhcheanglaítear sonraí ó raon córas TF eile, idir phoiblí agus phríobháideach, agus má tá feidhmeanna truiceartha comhtháite ag baint leo. Le truicir den sórt sin, d'fhéadfadh go gcumhdófaí táscairí sonraí ábhartha chun méadrachtaí infhaighteachta/inacmhainneachta bia a thomhas , mar shampla leibhéal criticiúil stoc, tréimhse iompair nó moilleanna ag an teorainn, etc. D'fhéadfadh córas mear-rabhaidh den sórt sin a chur ar chumas oibreoirí gnó agus tomhaltóirí freisin, ullmhú do shuaití sa slabhra soláthair a d'fhéadfadh an bheith ann.

4.2. Coinníollacha maidir le réitigh theicneolaíocha a fhorbairt go rathúil

D'fhéadfadh sé nach mbeadh na réitigh TFC a shainaithnítear thuas úsáideach ach amháin más féidir iad a chur chun feidhme, rud a bhraitheann ar na coinníollacha seo a leanas:

1. Chun na córais bailithe agus bailíochtaithe sonraí agraibhia a athdhearadh ar mhórscála, bheadh gá le dlúthchomhordú idir an Coimisiún agus na Ballstáit uile, agus le hinfheistíocht nach beag sa teicneolaíocht. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás ISAMM toisc gurb iad na Ballstáit a dhéanann na sonraí a bhailiú, a chomhiomlánú agus a bhailíochtú ina n-iomláine, agus dá bhrí sin tá sé ag brath ar a dtiomantas. Is réimse é seo ina dtugann comhchuibhiú na gcóras TF an breisluach is mó trí phróisis a uathoibriú agus iad a dhéanamh níos éifeachtaí. Níor cheart an t-athdhearadh sin ar chórais bailithe agus bailíochtaithe sonraí a dhéanamh ina aonar agus níor cheart córais chomhthreomhara nó dhúblacha a chruthú dá bharr. Ba cheart é a nascadh le forbairt rialachais sonraí agus sásraí comhroinnte sonraí san earnáil agraibhia, i bhfianaise na dtairbhí a bhaineann le comhroinnt sonraí níos fearr san earnáil agus le hearnálacha eile.

2. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le córais TF éagsúla a bhunú a bhfuil raonta feidhme agus inoibritheacht éagsúla acu. Ní áirítear sa tuarascáil atá ann faoi láthair aon mheasúnú ar na costais, toisc go bhfuil an iomarca athróg ann le haghaidh anailís chuimsitheach den sórt sin. Ní raibh formhór na bpáirtithe leasmhara ná na saineolaithe in ann meastacháin chostais a sholáthar chun na réitigh TF a luadh a chur ar bun agus níl ach sonraí teoranta ar fáil maidir le costais bhunaithe roimhe seo[18].

[18] Mar shampla, measadh gur thart ar USD 2 mhilliún (1999) a bhí i gcostais chur ar bun chóras SAM maidir le tuairisciú éigeantach ardmhinicíochta sonraí margaidh in earnáil an bheostoic, bunaithe ar an Acht um Thuairisciú Éigeantach Beostoic 1999. De réir Sheirbhís Margaíochta Talmhaíochta na Stát Aontaithe,

3. Ní mór cuimhneamh ar an úsáideoir agus córais sonraí á ndearadh. Beidh tionchar ag na cúiseanna atá ag an úsáideoir le sonraí an mhargaidh agraibhia a chuardach agus a úsáid ar an tuiscint atá aige ar thráthúlacht agus ar chumhdach na sonraí sin. Cé gur leor i gcoitinne leibhéal mionsonraithe agus minicíocht na sonraí a sholáthraítear leis na córais atá ann faoi láthair le haghaidh anailís mhargaidh fhadtéarmach, taighde acadúil agus ceapadh beartas, is gnách nach leor é le haghaidh cinnteoireacht ghnó ó lá go lá ná le haghaidh córais chasta chun idirbhearta sa mhargadh airgeadais a dhéanamh.

4. Maidir le cur isteach sonraí, is ábhar imní d'oibreoirí príobháideacha é dí-anaithnidiú sonraí rúndachta gnó. Measann oibreoirí gnó go bhfuil sonraí maidir le stoic, méideanna margaithe agus praghsanna an-íogair toisc gur féidir le sáruithe ar shonraí a staid iomaíoch a chur i mbaol. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le cothromaíocht a bhaint amach idir trédhearcacht margaidh a fheabhsú agus rúndacht na n-oibreoirí a chosaint: (i) cosaintí dlíthiúla agus TF le haghaidh rúndachta; (ii) idirphlé agus comhar neartaithe idir páirtithe leasamhara sa slabhra soláthair agus an Coimisiún; (iii) ról a thabhairt d'institiúidí neamhrialtasacha amhail institiúidí taighde poiblí; agus (iv) samhail 'teicneolaíochta feabhsaithe príobháideachais' a úsáid (córas díphearsantaithe a úsáideann ionchuir agus aschuir chun faisnéis úsáideach a ghiniúint, gan aon eolas ar mar a oibríonn sé go hinmheánach sa phróiseas brúiscthe sonraí.

5. Ar deireadh, ní mór reachtaíocht an Aontais maidir le córais faisnéise an mhargaidh agraibhia agus maidir le húsáid TFCanna a bheith éifeachtach, cothrom le dáta (mar shampla, maidir le rúndacht, cosaint sonraí pearsanta, úsáid IS, etc.), agus ní mór í a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

5. Conclúidí agus tuilleadh díospóireachta

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo, chun críche díospóireachta beartais, príomhghnéithe chóras faisnéise agraibhia CEM, cuid de na dúshláin atá roimhe agus roinnt réiteach TFC-bhunaithe a d'fhéadfadh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

D'fhéadfadh an teicneolaíocht TF atá ann cheana cuidiú le feabhas a chur ar roinnt gnéithe d'fhaisnéis margaidh agraibhia an Aontais. Mar shampla, d'fhéadfadh TFCanna cuidiú le raon feidhme an chórais atá ann faoi láthair a leathnú trí bhailiú agus scaipeadh sonraí a uathoibriú, agus é a leathnú chuig earnálacha agus céimeanna nach gcumhdaítear faoi láthair. Thairis sin, dá ndéanfaí córais faisnéise agraibhia an Aontais agus córais faisnéise agraibhia náisiúnta a chomhtháthú a thuilleadh trí idirghníomhaíocht meaisín le meaisín, rannchuideofaí freisin le spás aonair sonraí talmhaíochta a fhorbairt san Eoraip. Bheadh infheistíocht airgeadais agus riaracháin nach beag ag teastáil le haghaidh comhtháthú den sórt sin, áfach. Ar deireadh, d'fhéadfadh TFCanna cuidiú le sonraí margaidh a bhailiú agus a phróiseáil le linn géarchéime, nuair is gá sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus a chur ar fáil a luaithe is féidir.

---

cumhdaítear 15-20 tuairisceoir agus iniúchóir, móide USD 1 mhilliún in aghaidh na bliana mar thacaíocht TF le costais oibriúcháin an Achta um Thuairisciú Éigeantach Beostoic.

Ós rud é go bhfuil TFCanna ceannródaíocha nó gnéithe díobh á n-úsáid cheana féin san earnáil phríobháideach, is gá tuilleadh taiscéalaíochta a dhéanamh chun comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chothú chun réitigh sonraí maidir leis an margaidh agraibhia a fhorbairt. Chuideodh sé sin le cáilíocht agus inrochtaineacht sonraí a fheabhsú ar bhealach costéifeachtach.

A bhuí le dul chun cinn teicneolaíoch, tá acmhainneacht ollmhór ag TFCanna an lae amárach feabhas a chur ar éifeachtúlacht chóras faisnéise an mhargaidh agraibhia. Is féidir le IS cuidiú leis an sreabhadh oibre próiseála sonraí a uathoibriú, rud a fhágann go bhfuil sé níos tapúla, níos cruinne agus níos éifeachtaí. Is féidir le halgartaim IS agus meaisínfhoghlaim méideanna móra sonraí a bhainistiú, agus ciall a bhaint as patrúin chasta nach n-aithneodh daoine, b'fhéidir. Cé nach mbaintear dóthain úsáide fós as IS i réimse sonraí an mhargaidh agraibhia, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar ról IS amach anseo.